# An Garda Síochána

## Cáipéis Bheartais

# TEORAINNEACHA GAIRMIÚLA

# AGUS

# MÍ-ÚSÁID CUMHACHTA AR MHAITHE LE GNÓTHÚ GNÉASACH

| | |
|---|---|
| **Dáta Éifeachtach** | *An 16 Meitheamh 2022* |
| **Leagan Uimh.** | 1.0 |
| **Faofa ag** | Feidhmeannacht an Gharda Síochána |
| **Arna thabhairt isteach ag** | *Treoir 036 / 2022 ón gCeanncheathrú* |
| **Úinéir an Bheartais** | *An Coimisinéir Cúnta, Rialachas agus Cuntasacht* |

## Cuspóir

Is í aidhm an Bheartais seo a chinntiú go gcothaítear teorainneacha gairmiúla ag gach tráth idir Pearsanra an Gharda Síochána agus an Pobal.

Caithfidh Pearsanra an Gharda Síochána gníomhú go heiticiúil, go gairmiúil, go cuí agus caitheamh le gach duine aonair lena n-idirghníomhaíonn siad le dínit agus le meas ar aon dul leis an gCód Eitice don Gharda Síochána.

Tuigfidh Pearsanra an Gharda Síochána gur dóchúil, ar uairibh, go mbeidh neamhchothroime cumhachta (mar shampla, de bharr leochaileacht leanúnach nó suímh nó trí chumhachtaí póilíneachta a chur i bhfeidhm) trí idirghníomhú a d'fhéadfaidís a dhéanamh le baill den phobal, íospartaigh, ciontóirí amhrasta nó finnéithe.

Caighdeáin eiticiúla agus ghairmiúla iompair iad Teorainneacha Gairmiúla a chuireann teorainn ar chaidreamh fisiciúil agus mothúchánach idir Pearsanra an Gharda Síochána agus/nó baill den phobal.

Is ionann Mí-Úsáid Cumhachta ar mhaithe le Gnóthú Gnéasach ag Pearsanra an Gharda Síochána agus aon iompar a thagann i dtír ar phost an duine sin mar Phearsanra an Gharda Síochána, chun mí-úsáid a bhaint as a bpost, a n-údarás nó a gcumhachtaí, ar mhaithe le gnóthú gnéasach nó le caidreamh míchuí mothúchánach a bheith acu le haon bhall den phobal nó le Pearsanra eile an Gharda Síochána.

D'fhéadfadh gurbh ionann aon iarracht ar an gcumhacht seo a mhí-úsáid nó an chumhacht seo a mhí-úsáid ar mhaithe le gnóthú gnéasach, nó iarracht ar chaidreamh a bhunú nó caidreamh a bhunú a sháraíonn cáil ghairmiúil, agus mí-úsáid údaráis nach nglacfar leis.

## Scóip

Baineann an cháipéis seo agus an cháipéisíocht ghaolmhar uile le comhaltaí an Gharda Síochána (Cúltaca an Gharda Síochána san áireamh), Foireann an Gharda Síochána, agus Póilíní ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (an PSNI) a tugadh ar iasacht don Gharda Síochána i gcomhréir le hAlt 53 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

## Ráiteas Beartais

Is féidir le duine aonair agus an tsochaí trí chéile bheith thíos le hiarmhairtí fíorthromchúiseacha de bharr mí-úsáid cumhachta. Deimhníonn iompar gairmiúil póilíneachta nach foláir nach mí-úsáidfidh Pearsanra an Gharda Síochána a gcumhachtaí nó a n-údarás póilíneachta agus nach foláir dóibh caitheamh leis an bpobal ar a bhfreastalaíonn siad le dínit, meas agus ar bhealach a chomhlíonann Cearta Daonna ag gach tráth.

Tá oibleagáid ar an nGarda Síochána daoine a chosaint ó rioscaí agus éifeachtaí an iompair chaim laistigh den Eagraíocht agus chun aon fhoirm de chaimiléireacht a imríonn tionchar ar sheirbhís phóilíneachta ardchaighdeáin a sholáthar don phobal ar a bhfreastalaímid a ionchúiseamh agus tabhairt faoi agus é a chur as riocht.

Is baol do Phearsanra an Gharda Síochána a dhéanann iarracht ar a gcumhacht a mhí-úsáid ar mhaithe le gnóthú gnéasach nó a dhéanann iarracht caidreamh a bhunú a sháraíonn cáil ghairmiúil, go sáróidh siad iontaoibh agus muinín an Phobail agus go n-imreoidh siad tionchar diúltach ar chlú agus iomláine an Gharda Síochána.

Tá Pearsanra uile an Gharda Síochána freagrach as a chinntiú go gcloítear leis na prionsabail a chuimsítear sa cháipéis seo agus lena cáipéis ghaolmhar Nóis Imeachta. Tá dualgas ar Phearsanra an Gharda Síochána chun

aon sáruithe a thuairisciú ar an mBeartas seo nó ar cháipéis Nóis Imeachta a ghabhann léi, ar aon dul leis na prionsabail a dtugtar cuntas orthu sa Chód Eitice don Gharda Síochána.

## Comhlíonadh

Tá sé éigeantach go ndéanann Pearsanra uile an Gharda Síochána an Beartas seo agus an cháipéis Nóis Imeachta a ghabhann léi a chomhlíonadh.

## Cáipéisí Gaolmhara

1. *Beartas Frith-Éillithe*
2. *Cód an Gharda Síochána, Imleabhar I*
3. *Cód an Gharda Síochána (Airgeadas), Imleabhar II*
4. *Ciorclán na Státseirbhíse 19/2016 - Cód Disciplíneach na Státseirbhíse*
5. *Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse*
6. *An Cód Eitice don Gharda Síochána*
7. *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2018*
8. *An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018*
9. *An Cód Cleachtais um Chosaint Sonraí don Gharda Síochána*
10. *An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) ((AE) 2016/679)*
11. *Rialacháin agus Nósanna Imeachta Acadúla Choláiste an Gharda Síochána 2018*
12. *Rialacháin an Gharda Síochána (Disciplín), 2007, arna leasú*
13. *Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú*
14. *An Lámhleabhar do Ghardaí agus Promhóirí faoi Oiliúint*
15. *Treoir Uimh. 159/2008 ón gCeanncheathrú – Nótaí ar Nósanna Imeachta Disciplíneacha faoi Rialacháin an Gharda Síochána (Disciplín), 2007*
16. *Treoir Uimh. 19/2019 ón gCeanncheathrú – Creat um Chearta Daonna*
17. *Treoir Uimh. 37/2019 ón gCeanncheathrú – Samhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána (GDMM)*
18. *Treoir Uimh. 72/2014 ón gCeanncheathrú – an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014*
19. *An Nós Imeachta um Theorainneacha Gairmiúla agus Mí-Úsáid Cumhachta ar Mhaithe le Gnóthú Gnéasach*
20. *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005*
21. *I.R. 470/2013 Rialacháin an Gharda Síochána (Iontrálacha agus Ceapacháin), 2013*
22. *Na hAchtanna um Eitic (an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001*
23. *Cód Eitice Póilíneachta na hEorpa*

## Scagadh Ceart Dlíthiúil agus Daonna

Rinneadh scagadh ar an mBeartas seo i dtaobh Cearta Daonna agus Dlíthiúla maidir leis na hoibleagáidí faoi seach a leagtar ar an nGarda Síochána don limistéar ábhair atá i gceist.

## Caighdeáin agus Gealltanais Eiticiúla

Caithfidh gach duine a oibríonn sa Gharda Síochána aird a thabhairt ar agus cloí leis na caighdeáin agus na gealltanais a leagtar amach sa Chód Eitice don Gharda Síochána agus chun seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na hEagraíochta.

## Athbhreithniú Beartais agus Nóis Imeachta

Déanfar athbhreithniú ar an mBeartas seo agus ar cháipéisí gaolmhara dhá mhí dhéag (12) ó dháta a éifeachta agus gach trí bliana (3) ina dhiaidh sin.

## Séanadh

Ní bheartaítear go dtugtar comhairle dlí sa cháipéis seo, agus ní thugtar comhairle dlí inti ar féidir brath uirthi maidir leis an ábhar a chuimsítear anseo istigh. Níor cheart an cháipéis seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil dlí.

## An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí / Treoir 2016/680/AE - an Treoir maidir le Cosaint Sonraí do Phóilíní agus Údaráis Cheartais Choiriúil

Ní phróiseálfar sonraí pearsanta ach ar na cuspóirí a shonraítear sa bheartas seo agus laistigh de bhonn dleathach a shainítear go soiléir faoi Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí an AE (an RGCS) ((AE) 2016/679) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988/2018. Cuirfear gach beart riachtanach i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn sonraí pearsanta á gcoimeád sábháilte agus slán. Ní bheidh teacht ar shonraí pearsanta ach ag pearsanra údaraithe amháin. Ní phróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha agus ní choimeádfar níos faide iad ná mar is gá.